Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Lúnasa 2020**
**(OR. en)**

**10306/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0177(NLE)**

**WTO 142**
**UD 158**
**COASI 100**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 24 Lúnasa 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 376 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Custaim arna bhunú faoin gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le moladh maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 27 den Prótacal a bhaineann leis an sainmhíniú ar 'tháirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 376 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 376 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.8.2020
COM(2020) 376 final

2020/0177 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Custaim arna bhunú faoin gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le moladh maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 27 den Prótacal a bhaineann leis an sainmhíniú ar 'tháirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Custaim arna bhunú leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le moladh maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 27 den Phrótacal a bhaineann leis an sainmhíniú ar 'tháirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin.

Leagtar síos le hAirteagal 27 forálacha maidir le fíorú cruthúnas ar thionscnamh.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile.

Tháinig an Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, i bhfeidhm go sealadach an 1 Iúil 2011, agus tháinig sé i bhfeidhm an 13 Nollaig 2015.

### 2.2. An Coiste Custaim

Is comhlacht é an Coiste Custaim a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagail 6.15 agus 15.2(1)(c) den Chomhaontú. Tá sé comhdhéanta d'ionadaithe ón Aontas agus ó Phoblacht na Cóiré. Glacann an Coiste Custaim a rialacha nós imeachta agus bíonn ionadaí den Aontas agus ionadaí de Phoblacht na Cóiré ina gcomhchathaoirligh ar an gcoiste.

Le hAirteagal 6.16(5) den Chomhaontú, tugtar de chumhacht don Choiste Custaim moltaí a fhoirmiú, moltaí a mheasann sé a bheith riachtanach chun go mbainfear amach na cuspóirí comhchoiteanna agus chun go bhfeidhmeoidh na sásraí a bunaíodh sa Phrótacal go fónta.

### 2.3. An gníomh den Choiste atá beartaithe

Shainaithin an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré (dá ngairtear 'na Páirtithe' anseo feasta) an gá atá le comhthuiscint ar phríomhghnéithe an nós imeachta fíorúcháin a leagadh síos in Airteagal 27 den Phrótacal maidir leis an sainmhíniú ar 'tháirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin agus ar chéimeanna difriúla sa nós imeachta sin. Ba cheart go mbeadh comhthuiscint dá leithéid chun leas na n-údarás custaim a bheidh i gceannas ar chomhlíonadh rialacha tionscnaimh a áirithiú agus ar na hoibreoirí eacnamaíocha atá faoi réir fíorúchán cruthúnas ar thionscnaimh, i ngach Páirtí.

Mheas na páirtithe gurbh iomchuí go bhfoirmeodh an Coiste Custaim moladh chuige sin, i gcomhréir le hAirteagal 6.16(5) den Chomhaontú.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Beidh an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais sa Choiste Custaim bunaithe ar an dréachtmholadh ón gCoiste Custaim atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

*4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Áirítear ar na '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear air freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a '*d'fhéadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[1].

*4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 6.16(5) den Chomhaontú. Foilseofar in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh é.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

*4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

*4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an mholta atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála.

Dá bhrí sin, is é an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) den CFAE an bunús dlí substainteach atá leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Is é an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) ba cheart a bheith ina bunús dlí le haghaidh an chinnidh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Foilseofar an moladh a d'fhoirmigh an Coiste Custaim in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, sraith C*.

[1] Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

2020/0177 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Custaim arna bhunú faoin gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le moladh maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 27 den Prótacal a bhaineann leis an sainmhíniú ar 'tháirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, i gcrích le Cinneadh 2011/265/AE ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2010, tháinig sé i bhfeidhm go sealadach an 1 Iúil 2011[2], agus tháinig sé i bhfeidhm an 13 Nollaig 2015.

(2) Le hAirteagal 6.16(5) den Chomhaontú, tugtar de chumhacht don Choiste Custaim moltaí a fhoirmiú, moltaí a mheasann sé a bheith riachtanach chun go mbainfear amach na cuspóirí comhchoiteanna agus chun go bhfeidhmeoidh na sásraí a bunaíodh sa Phrótacal go fónta.

(3) Leagtar síos le hAirteagal 27 de Phrótacal an Chomhaontaithe maidir leis an sainmhíniú ar 'tháirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin (dá ngairtear "An Prótacal" anseo feasta), an nós imeachta lena ndéantar cruthúnais ar tionscnaimh a fhíorú agus go háirithe cúraimí agus freagrachtaí údaráis chustaim an Pháirtí allmhairiúcháin agus an Pháirtí onnmhairiúcháin ann.

(4) Shainaithin an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré an gá atá le comhthuiscint ar phríomhghnéithe an nós imeachta fíorúcháin a leagadh síos in Airteagal 27 den Phrótacal agus ar na céimeanna difriúla sa nós imeachta sin. Ba cheart go mbeadh comhthuiscint dá leithéid chun leas na n-údarás custaim a bheidh i gceannas ar chomhlíonadh rialacha tionscnaimh a áirithiú agus ar na hoibreoirí eacnamaíocha atá faoi réir fíorúcháin, i ngach Páirtí.

(5) Shainaithin an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré gurbh iomchuí go bhfoirmeodh an Coiste Custaim moladh den sórt sin le haghaidh chomh-thuiscint agus cur chun feidhme fónta na bhforálacha a leagadh síos in Airteagal 27 den Phrótacal.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Custaim a bhunú, ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlí ag an moladh atá beartaithe san Aontas,

[2] IO L 127, 14.5.2011, lch. 1–1426

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Beidh an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Custaim arna bhunú leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, bunaithe ar an dréachtmholadh atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*